20.11.2020 A9-0226/35

**Leasú 35**
**Diana Riba i Giner**
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE
**Clare Daly**
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil A9-0226/2020**
**Clare Daly**
Staid na gCeart Bunúsach san Aontas Eorpach - Tuarascáil Bhliantúil do na blianta 2018 - 2019
(2019/2199(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 11 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***11a. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di, cé go bhfuil toirmeasc ar chur chun cinn an fhaisisteachais i roinnt Ballstát faoin dlí náisiúnta, go bhfuil gluaiseachtaí nuafhaisisteacha ag éirí níos sofheicthe i roinnt Ballstát trí shiombailí faisisteacha agus reitric a úsáid; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go bhfuil faisisteachas ag éirí níos coitianta ar fud an Aontais; á thathant ar na Ballstáit toirmeasc éifeachtach a fhorchur ar ghrúpaí nuafhaisisteacha agus nua-Naitsíocha agus ar aon fhondúireachtaí nó comhlachais eile a dhéanann Naitsíochas agus faisisteachas a mhóradh agus a ghlóiriú;*** |

Or. en

20.11.2020 A9-0226/36

**Leasú 36**
**Diana Riba i Giner**
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE
**Clare Daly**
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil** **A9-0226/2020**
**Clare Daly**
Staid na gCeart Bunúsach san Aontas Eorpach - Tuarascáil Bhliantúil do na blianta 2018 - 2019
(2019/2199(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 20 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***20a. á iarraidh ar na Ballstáit uile a áirithiú go ndéanfar dlíthe frithsceimhlitheoireachta a chur chun feidhme, lena n-áirítear na dlíthe sin lena gcuirtear chun feidhme Treoir (AE) 2017/541 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, ar bhealach nach gcuireann isteach go treallach ná go díréireach ar na cearta chun tuairimí a nochtadh, chun comhlachais nó chun tionóil, nach ndéanann idirdhealú ar phobail eitneacha nó reiligiúnacha áirithe, agus lena gcosnaítear an ceart chun saoirse agus an ceart chun triail chóir a fháil;*** |

Or. en

**Leasú 37**
**Diana Riba i Giner**
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE
**Clare Daly**
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil A9-0226/2020**
**Clare Daly**
Staid na gCeart Bunúsach san Aontas Eorpach - Tuarascáil Bhliantúil do na blianta 2018 - 2019
(2019/2199(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 20 b (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***20b. á cháineadh go n-úsáidtear reachtaíocht a bhfuil sé mar aidhm léi saoránaigh a chosaint chun easaontú dlíthiúil a chur faoi chois, amhail mí-úsáid cionta coiriúla a thagraíonn do 'ghlóiriú na sceimhlitheoireachta' i gcoinne easaontaigh dhlisteanacha, dlíthe fuathchainte i gcoinne ealaíontóirí a cháineann brúidiúlacht na bpóilíní agus dlíthe diamhasla i roinnt Ballstát;*** |

Or. en

20.11.2020 A9-0226/38

**Leasú 38**
**Diana Riba i Giner**
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE
**Clare Daly**
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil** **A9-0226/2020**
**Clare Daly**
Staid na gCeart Bunúsach san Aontas Eorpach - Tuarascáil Bhliantúil do na blianta 2018 - 2019
(2019/2199(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 27 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***27a. á mheabhrú gur ceart uilíoch é an ceart féinchinntiúcháin agus go n-aithnítear gur ceart é atá ag gach pobal chun a stádas polaitiúil a chinneadh gan bhac agus a bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha a bhaint amach faoi shaoirse, mar atá leagtha síos in Airteagal 1 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla (ICCPR) agus den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha (ICESCR); á iarraidh ar institiúidí AE agus ar na Ballstáit ceart na ndaoine chun féinchinntiúcháin a urramú agus a chosaint, chomh maith leis na cultúir, féiniúlachtaí, teangacha agus uaillmhianta pholaitiúil dhaonlathach agus síochánta uile atá ag pobail na hEorpa; á chur i bhfáth go sonraítear in Airteagal 1 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) go bhfuil sé d'aidhm ag AE Aontas buandlúite i measc phobail na hEorpa a bhunú, ina ndéantar cinntí ar bhealach chomh hoscailte agus is féidir agus chomh gar agus is féidir don saoránach;*** |

Or. en